# Olltoghchán Dála an 8 Feabhra 2020

## Tuarascáil arna ullmhú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
## le cur faoi bhráid an Cheann Chomhairle
## faoi réir an tAcht Toghcháin, 1997, arna leasú

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 HE97
T: (01) 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter:@SIPOCIreland

Samhain 2021

# Clár Ábhair

Réamhrá ........ 2
Caibidil 1: Brollach ........ 3
Caibidil 2: An tOlltoghchán don 33ú Dáil ........ 5
Caibidil 3: Nochtadh síntiús arna dhéanamh ag Iarrthóirí nár éirigh leo ........ 7
Caibidil 4: Caiteachas toghcháin a dhéanann iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta araon ........ 11
Caibidil 5: Speansais toghcháin iarrthóirí a aisíoc ........ 16
Caibidil 6: Gníomhaíocht a bhaineann le “duine eile” sa toghchán ........ 17
Caibidil 7: Foilsiú ráiteas síntiús agus ráiteas speansas toghcháin ........ 18
Caibidil 8: Leasuithe molta le bheith curtha leis an reachtaíocht ........ 19
Fíorais Ghasta ........ 20
Aguisín ........ 21

## Réamhrá

Tá áthas orm an tuarascáil seoa chur faoi bhráid Chathaoirleach Dáil Éireann (Ceann Comhairle), ar aon dul le forálacha alt 4 (1) den Acht Toghcháin 1997, arna leasú (an tAcht). Cuireadh ráitis síntiús agus dearbhuithe reachtúla dá dtagraítear sa tuarascáil isteach chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) de bhun alt 24 den Acht agus cuireadh deimhnithe síntiús airgid/dearbhuithe reachtúla agus ráitis ó institiúidí airgeadais de bhun alt 23B den Acht. Cuireadh na ráitis faoi chaiteachas toghcháin isteach de bhun alt 36 den Acht.

Tá faisnéis mhionsonraithe faoi riachtanais na reachtaíochta maidir le:

- nochtadh síntiús polaitíochta,
- teorainneacha ar luach na síntiús ar féidir glacadh leo,
- síntiúis toirmiscthe;
- teorainneacha ar an gcaiteachas ar thoghcháin, agus
- aisíocaíocht caitheachais toghcháin le hiarrthóirí cáilithe

le fáil sna Treoirlínte d'Olltoghchán Dála don 33ú Dáil 2020 atá ar fáil ar www.sipo.ie.

____________________

Garret Sheehan
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

## Caibidil 1: Brollach

Foráiltear le halt 4(1) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, nuair is cuí leis déanamh amhlaidh, tuarascáil a thabhairt don Cheann Comhairle ar aon ábhar a thagann chun cinn i ndáil le ráitis síntiús agus le ráitis speansas toghcháin arna dtabhairt don Choimisiún faoin Acht. De réir alt 4(5) den Acht, ní mór an tuarascáil sin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Lánscoireadh an 32ú Dáil an 14 Eanáir 2020 agus bhí an vótáil don olltoghchán don 33ú Dáil ar siúl an 8 Feabhra 2020. Chuaigh cúig céad tríocha is a haon iarrthóir san iomaíocht sa toghchán.

De réir fhorálacha Chuid IV den Acht, ceanglaíodh ar iarrthóirí nár éirigh leo san olltoghchán ráiteas síntiús, deimhniú síntiús airgid, dearbhú reachtúil agus, nuair is ábhartha, ráiteas ó chuntas bainc um shíntiúis pholaitíochta a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 4 Aibreán 2020). Ceanglaíodh go nochtfaí sonraí faoi gach síntiús ar mhó a luach ná €600 a fuair iarrthóirí nár éirigh leo i ndáil leis an toghchán.

Ceanglaítear ar iarrthóirí ar toghadh iad sa toghchán, mar chomhaltaí de Dháil Éireann, ráiteas síntiús bliantúil agus doiciméid ghaolmhara a thabhairt don Choimisiún faoin 31 Eanáir gach bliain. Maidir leis na ráitis síntiús a thabharfaidh comhaltaí de Dháil Éireann don Choimisiún um Chaighdeáin i dtaca leis an mbliain 2020, ní mór sonraí a thabhairt iontu faoi aon síntiúis a fuair na comhaltaí le linn na bliana 2020 i ndáil leis an olltoghchán. Bhí ceanglas ann na ráitis sin a thabhairt don Choimisiún faoin 31 Eanáir 2021. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar leith i dtaca le síntiúis a bhfaigheann TDanna, Seanadóirí agus FPEnna, in am trátha.

Foráiltear le Cuid V den Acht go gceanglófar ar ghníomhaire toghcháin gach iarrthóra in olltoghchán Dála, is cuma cé acu a d'éirigh nó nár éirigh leis an iarrthóir lena mbaineann sa toghchán sin, ráiteas speansas toghcháin a thabhairt don Choimisiún faoi cheann 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 4 Aibreán 2020). Sa ráiteas speansas toghcháin, ní mór sonraí a thabhairt faoi gach speansas a thabhaigh an gníomhaire toghcháin thar ceann an iarrthóra sa toghchán agus faoi gach íocaíocht a rinne an gníomhaire toghcháin thar ceann an iarrthóra sa toghchán.

Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ghníomhaire náisiúnta gach páirtí polaitíochta a bhfuil a n-iarrthóirí ag dul san iomaíocht sa toghchán agus ar "dhaoine eile" a thabhaigh speansais toghcháin ráiteas speansas toghcháin a thabhairt freisin.

D'aithin an Coimisiún na dúshláin d'iarrthóirí agus do ghníomhairí toghcháin maidir lena n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh mar gheall ar phaindéim COVID-19. Cé nach raibh aon údarás ag an gCoimisiún an spriocdháta reachtúil an 4 Aibreán 2020 a athrú, scríobh sé chuig gach iarrthóir agus gníomhaire toghcháin an 25 Márta 2020 chun iad a chur ar an eolas, sa chás nach raibh sé indéanta dearbhú reachtúil a fhinné, go bhféadfaí dearbhú neamhfhreagrach a chur isteach an tuairisceán mar bheart eatramhach. Chuir an Coimisiún

in iúl sa litir freisin gur cheart do dhaoine atá faoi réir an Achta gach iarracht a dhéanamh chun na spriocdhátaí a chomhlíonadh agus gur cheart cóip chrua den dearbhú finné a chur faoi bhráid an Choimisiúin a luaithe is gur féidir.

Thóg próiseáil na dtuairisceán toghcháin ó olltoghchán 2020 níos mó ama ná mar is gnách agus tá an tuarascáil le foilsiú níos déanaí ná mar a bhí an Coimisiún ag súil leis. Tá ar roinnt cúiseanna éagsúla leis sin, agus tionchar na paindéime ar cheann díobh, gan ach ceann amháin a lua. Chomh maith leis an moill a bhí ann chun na dhearbhuithe a fhinné, chuir an paindéim bac ar ghníomhairí toghcháin a bhí ag iarraidh rochtain a fháil ar na cáipéisí caiteachais riachtanacha ó sholáthraithe a bhí dúnta síos le linn na dianghlasála, rud a d'fhág go raibh moill chun thuairisceáin chríochnúla a chur isteach. I measc na cúiseanna eile a bhí ann, bhí an méid oibre a bhí i gceist, chomh maith le cé chomh casta is atá an obair sin, an cleachtas fadbhunaithe atá ag an gCoimisiún maidir le bheith ag obair le hiarrthóirí/gníomhairí chun tuairisceáin a ullmhú le bheith foirfe sula ndéantar iad a thabhairt chun críche agus a leagan faoi bhráid an Oireachtais, srianta ar acmhainní toisc go ndéanann foireann an Choimisiúin maoirseacht ar an gcomhlíonadh le trí Acht eile, tionchar acmhainne ionchúiseamh a bhaineann leis an neamhchomhlíonadh le hoibleagáidí an Achta, agus úsáid leanúnach na gcóras mí-éifeachtach páipéarbhunaithe, atá le fanacht i bhfeidhm go dtí go bhfuil coimisiún toghcháin curtha i mbun.

Cé nach bhfuil smacht ag an gCoimisiún ar na saincheisteanna seo go léir, fós féin tá an Coimisiún ag scrúdú cá bhféadfar éifeachtúlachtaí a aithint nó na tacaíochtaí a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sin atá faoina chumhacht, agus chuige sin beidh sé ag dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara sna míonna beaga atá amach romhainn.

## Caibidil 2: An tOlltoghchán don 33ú Dáil

Bhí an vótáil don olltoghchán don 33ú Dáil ar siúl an 8 Feabhra 2020.

Tamall beag tar éis lá na vótála a bheith fógartha, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte toghcháin d'iarrthóirí, do ghníomhairí toghcháin, do ghníomhairí náisiúnta agus d'fhoilsitheoirí, chomh maith le tríú páirtithe agus daoine eile. Ba é cuspóir na dtreoirlínte ná na hiarrthóirí ionchasacha a chur ar an eolas faoi na hoibleagáidí a ghlacfaidís dá roghnóidís rith, agus chun cabhrú le na hiarrthóirí a gcuid oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh. Chlúdaigh na treoirlínte d'iarrthóirí agus do ghníomhairí síntiúis pholaitíochta a ghlacadh agus a nochtadh araon, chomh maith le síntiúis toirmiscthe, cuntais síntiús polaitiúla, caiteachas toghcháin agus aisíocaíocht chostais toghcháin d'iarrthóirí cáilithe. Bhí treoirlínte ar leith a chlúdaíonn na rialacha a bhaineann le gníomhairí náisiúnta páirtithe polaitiúla, le tríú páirtithe agus le daoine eile atá ag iarraidh feachtas a dhéanamh, chomh maith le foilsitheoirí ábhar fógraíochta.

Tugadh cuireadh d'iarrthóirí agus do ghníomhairí toghcháin bualadh le baill de chuid Rúnaíocht an Choimisiúin más mian leo a gcuid oibleagáidí faoin Acht a phlé.

### Rialacha maidir le síntiúis

| | |
|---|---|
| **Cuntas síntiús polaitiúil** | Nuair a fhaightear síntiús **€100**, ní mór don iarrthóir cuntas síntiús polaitíochta a oscailt (sa chás nach bhfuil ceann aige cheana féin). |
| **Síntiúis Airgid Tirim** | Is é **€200** an síntiús airgid uasta ar féidir le hiarrthóir glacadh leis in aon bhliain féilire amháin ó dheontóir ar leith. |
| **Deontóirí Corparáideacha** | Is é **€200** an síntiús airgid uasta ar féidir le hiarrthóir glacadh leis in aon bhliain féilire amháin ó dheontóir corparáideach ar leith seachas amháin go bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe i gClár na nDeontóirí Corparáideacha arna chothabháil ag an gCoimisiún. |
| **Deontóir Aonaire** | • Is é **€1.000** an síntiús uasta ar féidir le hiarrthóir glacadh leis in aon bhliain ar leith ó dheontóir ar leith agus ó dheontóir corparáideach cláraithe araon.<br>• Caithfear gach síntiús a fhaigheann iarrthóir atá níos mó ná **€600** a nochtadh ar an Ráiteas Síntiús. |

| | |
|---|---|
| **Deontóirí Iolracha** | Sa chás go dtugann deontóir síntiús le beirt fhaighteoirí nó níos mó (le baill iolracha den pháirtí céanna nó le ball páirtí amháin nó níos mó agus leis an bpáirtí é féin san áireamh), ar mó a luach comhiomlán ná **€1,500**, éilítear air/uirthi foirm síntiúis a chur isteach don Choimisiún faoi alt 24(1)(a). |
| **Síntiúis Toirmiscthe** | • Tá cosc ar shíntiús gan ainm ar mó iad ná **€100**<br>• Ní féidir glacadh le síntiúis ó thíortha eachtracha, ar luach ar bith, nach as oileán na hÉireann iad, seachas ó shaoránach Éireannach nó ó ghnó atá lasmuigh d'oileán na hÉireann é agus a bhfuil oifig dá chuid á chothabháil aige ar oileán na hÉireann as a ndéantar ceann amháin dá phríomhghníomhaíochtaí ar a laghad a threorú. |

## Dátaí & teorainneacha caiteachais ábhartha

| | |
|---|---|
| An 14 Eanáir go dtí an 8 Feabhra 2020 (agus an dá dháta sin san áireamh) | Tréimhse an Toghcháin |
| €45,200<br>€37,650<br>€30,150 | Teorainn Caiteachais le haghaidh Dháilcheantar 5 shuíochán<br>Teorainn Caiteachais le haghaidh Dháilcheantar 4 shuíochán<br>Teorainn Caiteachais le haghaidh Dháilcheantar 3 shuíochán |
| 24 Márta 2020 | Ní mór don ghníomhaire toghcháin éilimh ar chostais toghcháin a íoc, ó sholáthraithe, faoin dáta seo |
| 4 Aibreán 2020 | An dáta faoinar gá gach Ráiteas faoi Chaiteachais Toghcháin a chur isteach chuig an gCoimisiún (baineann sé seo le hiarrthóirí ar éirigh leo agus nár éirigh leo araon). |
| 4 Aibreán 2020 | Dáta nach mór d'iarrthóirí nár éirigh leo a ráitis síntiús, deimhniú um shíntiús airgid agus ráitis bhainc a chur ar fáil don Choimisiún. |
| 31 Eanáir 2021 | An dáta faoina gcaithfidh gach uile TD (i.e. iarrthóirí ar éirigh leo sa toghchán) a dtuairisceáin bhliantúla a chur isteach chuig an gCoimisiún, agus ráitis síntiús, deimhniú um shíntiús airgid, agus ráitis bhainc ina measc. |
| €8,700 | Uasmhéid aisíocaíochta na gcostas toghcháin incheadaithe a fhéadfaidh iarrthóir cáilithe a éileamh. |

# Caibidil 3: Nochtadh síntiús arna dhéanamh ag Iarrthóirí nár éirigh leo

## 3.1 Ráitis síntiúis agus teastais síntiús airgid a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo

Ní mór d'iarrthóirí nach éiríonn leo sa toghchán ráiteas síntiús a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 56 lá tar éis lá na vótála, i.e. an 4 Aibreán 2020. Caithfidh an ráiteas síntiús sonraí a thabhairt maidir le gach síntiús a fuarthas le haghaidh an thoghcháin ar luach níos mó ná €600.

Ní mór deimhniú síntiús airgeadais a bheith curtha isteach chuig an gCoimisiún laistigh den tréimhse ama céanna, agus deimhnithe ann gur taisceadh gach síntiús airgeadais a fuarthas agus gur úsáideadh gach suim a cuireadh chun dochair ón gcuntas chun críocha polaitiúla.

Caithfidh an deimhniú a bheith sínithe ag an iarrthóir agus dearbhú reachtúil agus/nó ráiteas ó institiúid airgeadais a bheith ag gabháil leis.

## 3.2 Síntiúis arna nochtadh

De réir alt 4 (1) den Acht, rinne an Coimisiún na ráitis síntiús a bhí curtha isteach ag gach aon niarrthóir nár éirigh leo sa toghchán a bhreith.

Cé go bhféadfaidh iarrthóirí síntiúis de mhéideanna níos lú a fháil, ní gá ach amháin na cinn siúd atá os cionn na tairsí reachtúla dearbhaithe a nochtadh don Choimisiún. Mar sin, sna méideanna atá leagtha amach sa tuarascáil seo, níl i gceist ach síntiúis a fuarthas a bhí os cionn na tairsí dearbhaithe, agus ní ionann iad agus cuntas críochnúil ar gach síntiús a fuarthas.

Is ionann méid na síntiúis is gá a fhógairt a nocht na hiarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán agus €111,282 agus tá achoimre déanta orthu atá le fáil sa tábla seo a leanas.

Tábla 1: Síntiúis is gá a fhógairt arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo

| Iarrthóir | Páirtí | Líon na síntiús | Luach na síntiús<br><br>€ | Síntiúis arna gcur ar ais chuig deontóirí<br><br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ahern, Ciarán | Páirtí an Lucht Oibre | 1 | 1,000 | — |
| Bailey, Carly | Na Daonlathaigh Sóisialta | 5 | 5,000 | — |
| Blake, Jennifer | Na Daonlathaigh Sóisialta | 2 | 2,024 | 24 |
| Bogue, Lorna | An Comhaontas Glas | 1 | 1,000 | 800 |
| Burton, Joan | Páirtí an Lucht Oibre | 1 | 950 | — |
| Bree, Declan | Independents 4 Change | 2 | 1,750 | — |
| Byrne, Helena | Renua Éireann | 1 | 1,000 | — |
| Byrne, Malcolm | Fianna Fáil | 1 | 1,000 | 800 |
| Cahillane, Mary* | Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 4 | 3,855 | 655 |
| Cassells, Shane | Fianna Fáil | 1 | 1,000 | — |
| Conroy, Caroline | An Comhaontas Glas | 1 | 1,000 | — |
| Coppinger, Ruth | Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 6 | 6,000 | 800 |
| Cummins, John | Fine Gael | 1 | 1,000 | — |
| D'Arcy, Michael | Fine Gael | 3 | 3,000 | — |
| Daly, Joe | Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 1 | 1,000 | — |
| Doyle, Andrew | Fine Gael | 1 | 1,000 | — |
| Doyle, Suzanne | Fianna Fáil | 1 | 2,770 | 2,770 |
| Fay, Sandra* | Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 4 | 3,000 | 150 |
| Gallagher, Robbie | Fianna Fáil | 1 | 858 | — |
| Goldsboro, Imelda* | Fianna Fáil | 1 | 1,000 | 800 |
| Hackett, Pippa | An Comhaontas Glas | 1 | 1,000 | 800 |
| Hannon, Connor | Aontú | 2 | 1,544 | — |
| Hayes, Alan | Neamhpháirtí | 6 | 5,000 | — |
| Healy, David* | An Comhaontas Glas | 4 | 4,000 | 1,600 |
| Heavin, Louise | An Comhaontas Glas | 2 | 2,000 | 1,600 |
| Humphreys, Kevin | Páirtí an Lucht Oibre | 1 | 1,000 | — |
| Hynes, Denis | Páirtí an Lucht Oibre | 1 | 950 | — |
| Kavanagh, Peter | An Comhaontas Glas | 1 | 650 | 450 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Kelleher, Terry | Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 2 | 1,011 | 87 |
| Martin, Vincent P | An Comhaontas Glas | 1 | 1,000 | 800 |
| McCabe, Sean | An Comhaontas Glas | 5 | 4,782 | — |
| McCarthy, Lettie | Páirtí an Lucht Oibre | 3 | 2,950 | 800 |
| McClean, Caitriona | Fianna Fáil | 1 | 750 | 550 |
| McConnell, Niall | Neamhpháirtí | 1 | 1,000 | — |
| McHugh, Saoirse | An Comhaontas Glas | 2 | 2,000 | 800 |
| Moore, Ronan | Na Daonlathaigh Sóisialta | 1 | 1,000 | — |
| Moynihan, Rebecca | Páirtí an Lucht Oibre | 2 | 1,600 | — |
| Mulligan, Eddie | Fianna Fáil | 4 | 4,000 | 800 |
| Mulvany, Bernard | Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 1 | 1,000 | — |
| Murphy, Tony* | Neamhpháirtí | 3 | 3,000 | 2,400 |
| Ó Fallamháin, Daithí | Cumann na Saoirse | 1 | 1,000 | — |
| Ó Laoghaire, Con Óg | Cumann na Saoirse | 1 | 605 | — |
| Ó Maoláin, Aéngus | Na Daonlathaigh Sóisialta | 1 | 950 | — |
| Ó Tuathaill, Niall | Na Daonlathaigh Sóisialta | 3 | 2,750 | — |
| O'Brien, Michael | Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 3 | 1,650 | 144 |
| O'Brien, Paul | Páirtí an Lucht Oibre | 1 | 1,000 | — |
| O'Connell, Juliet | Páirtí an Lucht Oibre | 2 | 2,000 | — |
| O'Connell, Kate | Fine Gael | 1 | 1,000 | — |
| O'Connor, Charlie | Fianna Fáil | 2 | 1,000 | 800 |
| O'Driscoll, Pa | Fine Gael | 1 | 1,000 | — |
| O'Hara, Bernadette | Neamhpháirtí | 2 | 2,000 | — |
| O'Malley Dunlop, Ellen | Fine Gael | 3 | 3,000 | — |
| O'Sullivan, Jan | Páirtí an Lucht Oibre | 1 | 750 | — |
| Parker, Dom | Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 2 | 660 | — |
| Phillips, Bernadette | Neamhpháirtí | 1 | 762 | — |
| Reilly, James | Fine Gael | 1 | 1,000 | 800 |
| Ryan, Michael* | Aontú | 2 | 2,000 | 800 |
| Scallan, Ben | Cumann na Saoirse | 1 | 712 | — |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Sweeney, Mary T. | Aontú | 3 | 3,000 | — |
| Tuffy, Joanna* | Páirtí an Lucht Oibre | 1 | 1,000 | 800 |
| Wall, Mark | Páirtí an Lucht Oibre | 1 | 1,000 | — |
| Ward, Barry | Fine Gael | 1 | 1,000 | — |
| Waters, John | Neamhpháirtí | 1 | 1,000 | — |
| Zappone, Katherine | Neamhpháirtí | 1 | 1,000 | — |
| **Iomlán** | | | **111,282** | **20,830** |

**Cuirtear le fios leis nach bhfuil an luach síntiús iomarcach tugtha ar ais amhail an 15 Samhain 2021*

Foráiltear le hailt 23A(1)(i) agus (ii) den Acht nach mór an síntiús a thabhairt ar ais don síntiúsóir laistigh de 14 lá ón síntiús sin a fháil i gcás gur mó a luach ná an teorainn cheadaithe nó, i gcás gur síntiús airgid é, ní mór an chuid sin atá os cionn na teorann a thabhairt ar ais don síntiúsóir.  Ní mór taifead scríofa a choinneáil ar thabhairt ar ais an tsíntiúis ionas go bhféadfar é a thabhairt don Choimisiún, más gá; nó, ní mór d'fhaighteoir an tsíntiúis, laistigh de 14 lá ón síntiús a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún faoin síntiús agus an síntiús nó luach an tsíntiúis a chur ar ais chuig an gCoimisiún.  I gcás síntiús airgid, ní mór an chuid de atá os cionn na teorann a chur ar ais.

Fuair roinnt iarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán síntiúis iomarcacha, an chuid is mó den am toisc nach raibh a bpáirtí polaitiúil cláraithe mar dheontóir corparáideach agus go raibh cosc orthu curtha orthu dá bharr síntiús os cionn €200 a thabhairt. Nuair a fuarthas síntiús ó dheontóir neamhchláraithe, lena n-áirítear páirtí polaitíochta, níos mó ná an méid incheadaithe, cuireadh an t-iarrthóir ar an eolas faoi agus tugadh comhairle dó an barrachas a bhí i gceist a thabhairt ar ais.

Déantar achoimre sa tábla san Aguisín ar na síntiúis a dhearbhaigh na hiarrthóirí sin.

# Caibidil 4: Caiteachas toghcháin a dhéanann iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta araon

## 4.1 Sainmhíniú ar speansais toghcháin

Foráiltear le halt 31(1) den Acht gurb é is speansais toghcháin ann ná na speansais sin, agus na speansais sin amháin, atá leagtha amach i mír 1 den Sceideal a ghabhann leis an Acht, ar speansais iad a thabhaítear agus maoin, earraí nó seirbhísí á soláthar lena n-úsáid don toghchán le linn na tréimhse toghcháin (14 Eanáir - 8 Feabhra 2020) chun:

- leasanna páirtí polaitíochta nó toghadh iarrthóra a chur chun cinn nó cur i gcoinne leasanna an pháirtí sin nó thoghadh an iarrthóra sin, nó grúpa polaitíochta a bunaíodh de réir rialacha nós imeachta Pharlaimint na hEorpa; nó
- beartais pháirtí polaitíochta nó ráitis pháirtí polaitíochta i dtaobh beartais pháirtí polaitíochta nó beartais iarrthóra eile ag an toghchán a chur i láthair; nó
- iarrthóir san olltoghchán a chur chun cinn le bheith tofa, nó a cur ina choinne, go díreach nó go hindíreach, nó vótaí a lorg i bhfabhar iarrthóra i dtoghchán nó ina choinne; nó
- beartais iarrthóra nó tuairimí iarrthóra i dtaobh aon ghnó a bhaineann leis an toghchán a chur i láthair nó ráitis iarrthóra i dtaobh beartais pháirtí polaitíochta nó beartais iarrthóra eile ag an toghchán a chur i láthair, nó
- tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin ar aon slí eile.

I gcás go soláthraítear maoin, earraí nó seirbhísí saor in aisce nó faoi bhun an chostais agus go n- úsáidtear iad sin don toghchán le linn na tréimhse toghcháin, meastar gur speansas toghcháin iad sin agus ní mór cuntas a thabhairt iontu de réir a lánphraghais tráchtála lúide aon ghnáthlascaine nó aon lascaine ghinearálta atá ar fáil.

## 4.2 teorainneacha caiteachais

Is é an teorainn chaiteachais reachtúil a bhí i bhfeidhm don toghchán ná €45,200 do na dáilcheantair cúig shuíochán, €37,650 do na dáilcheantair ceithre shuíochán agus €30,150 do na dáilcheantair trí shuíochán.

Tá feidhm ag an teorainn caiteachais reachtúil maidir le gach iarrthóir agus tá an CBL san áireamh léi. Is ionann an teorainn reachtúil agus an caiteachas uasta a fhéadfar a dhéanamh ar iarrthóir i ndáilcheantar. Áirítear léi an caiteachas uile a dhéanann an gníomhaire toghcháin agus páirtí polaitíochta (ceanncheathrú agus eagraíocht áitiúil araon) ar iarrthóir. Ní cheadaítear aon chaiteachas ar leith ná aon chaiteachas breise ag páirtí polaitíochta ar iarrthóir atá os cionn na suime atá sannta don pháirtí ag an iarrthóir.

## 4.3 An tréimhse toghcháin

Tá feidhm ag an teorainn caiteachais san olltoghchán maidir le gach speansas a thabhaítear agus le gach íocaíocht a dhéantar agus maoin, earraí nó seirbhísí á soláthar, i gcás go n-

úsáidfear iad chun críocha toghcháin le linn na "tréimhse toghcháin". Foráiltear le halt 31(3)(a)(i) den Acht go mairfidh an tréimhse toghcháin sa toghchán ó dháta lánscoir na Dála go lá na vótála, agus an dá dháta sin san áireamh. Ba í an tréimhse toghcháin sa toghchán seo ná an 14 Eanáir 2020 go dtí an 8 Feabhra 2020.

## 4.4. Ráiteas faoi Chaiteachais Toghcháin

Ceanglaíodh ar ghníomhaire toghcháin gach iarrthóra a chuaigh san iomaíocht sa toghchán ráitis speansas toghcháin agus foirmeacha dearbhaithe reachtúil a thabhairt faoi cheann 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 4 Aibreán 2020).

Chomh maith leis sin, ceanglaíodh go dtabharfaí ráiteas speansas toghcháin agus dearbhú reachtúil ó na gníomhairí náisiúnta faoin dáta céanna i ndáil leis na páirtithe polaitíochta uile a ndeachaigh a n-iarrthóirí san iomaíocht sa toghchán.

## 4.5 Daoine arna atreorú chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Is cion é mainneachtain ráiteas síntiús, deimhniú um shíntiús airgid nó ráiteas ó institiúid airgeadais a chur ar fáil don Choimisiún faoin spriocdháta reachtúil.

Is cion é mainneachtain ráiteas faoi chaiteachais toghcháin agus dearbhú reachtúil a sholáthar don Choimisiún faoin spriocdháta reachtúil, freisin.

Sa chás go bhfuil an Coimisiún den tuairim gur sáraíodh an tAcht, féadfaidh sé an t-ábhar a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Tar éis an olltoghcháin, tharchuir an Coimisiún 25 comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí mar gheall ar mhainneachtain an na cáipéisíábhartha a chur isteach faoin spriocdháta reachtúil.

## 4.6 Caiteachas tuairiscithe sa toghchán

Is féidir sonraí an chaiteachais a dearbhaíodh sa toghchán a fheiceáil sna táblaí ag seo a leanas. D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí iomlána glan le chéile mar gheall ar an slánú.

## Tábla 2: Léargas ginearálta ar an gcaiteachas tuairiscithe sa toghchán

| Caiteachas Gníomhairí Toghcháin/Iarrthóra € | Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta ar iarrthóirí € | Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta go náisiúnta ("Caiteachas Náisiúnta") € | Caiteachas Iomlán € |
|---:|---:|---:|---:|
| 4,610,494 | 866,568 | 1,859,661 | **7,336,723** |

## Tábla 3: Caiteachas foriomlán tuairiscithe sa toghchán caite ag páirtí polaitíochta (lena n-áirítear caiteachas páirtí náisiúnta agus caiteachas iarrthóirí araon)

| Páirtí Polaitiúil | Caiteachas Gníomhairí Toghcháin/Iarrthóra € | Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta ar iarrthóirí € | Caiteachas Gníomhaire/Páirtí Náisiúnta go náisiúnta ("Caiteachas Náisiúnta") € | Caiteachas Iomlán € |
|---|---:|---:|---:|---:|
| Aontú | 71,446 | 98,786 | 435 | **170,667** |
| Fianna Fáil | 1,156,967 | 414,168 | 640,915 | **2,212,050** |
| Fine Gael | 1,129,491 | 191,481 | 850,679 | **2,171,651** |
| An Comhaontas Glas | 238,909 | 53,859 | 24,040 | **316,808** |
| Independents 4 Change | 35,714 | — | — | **35,714** |
| An Páirtí Daonlathach Éireannach | 2,080 | — | — | **2,080** |
| Cumann na Saoirse | 30,223 | 1,727 | — | **31,950** |
| Páirtí an Lucht Oibre | 345,010 | 23,946 | 112,111 | **481,067** |
| Neamhpháirtí | 12,115 | 17,275 | 123 | **29,513** |
| An Páirtí Náisiúnta | 729,907 | — | — | **729,907** |
| Renua Éireann | 9,742 | — | 1,620 | **11,362** |
| Sinn Féin | 474,321 | 38,637 | 184,491 | **697,449** |
| Na Daonlathaigh Sóisialta | 174,879 | 26,134 | 39,477 | **240,489** |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 196,648 | 556 | 5,770 | **202,975** |
| United People | — | — | — | — |
| Páirtí na nOibrithe | 3,041 | — | — | **3,041** |
| **Iomlán** | **4,610,494** | **866,568** | **1,859,661** | **7,336,723** |

## Tábla 4: Miondealú ar an gcaiteachas náisiúnta de réir mar atá tuairiscithe ag páirtí polaitíochta

| Páirtí Polaitiúil | Fógraíocht | Poiblíocht | Póstaeir | Ábhair Eile | Oifig agus Páipéarachas | Iompar agus Taisteal | Taighde Margaidh | Oibrithe Feachtais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aontú | — | 250 | — | 185 | — | — | — | — | **435** |
| Fianna Fáil | 174,924 | 94,905 | 215,326 | 38,754 | 60,283 | 13,283 | 30,258 | 13,182 | **640,915** |
| Fine Gael | 284,612 | 209,367 | 130,514 | 40,103 | 2,860 | 14,980 | 92,383 | 75,861 | **850,679** |
| An Comhaontas Glas | 2,114 | 11,233 | 3,797 | 6,479 | 75 | 342 | — | — | **24,040** |
| Independents 4 Change | — | — | — | — | — | — | — | — | — |
| An Páirtí Daonlathach Éireannach | — | — | — | — | — | — | — | — | — |
| Cumann na Saoirse | — | — | — | — | — | — | — | — | — |
| Páirtí an Lucht Oibre | 17,884 | 68,954 | 10,715 | 3,661 | 4,832 | 1,614 | — | 4,449 | **112,111** |
| An Páirtí Náisiúnta | — | — | — | 123 | — | — | — | — | **123** |
| Renua Éireann | 268 | 1,351 | — | — | — | — | — | — | **1,620** |
| Sinn Féin | 53,209 | 19,835 | 76,980 | 5,020 | 445 | 1,667 | 27,337 | — | **184,491** |
| Na Daonlathaigh Sóisialta | 2,460 | 6,671 | — | 10,035 | 5,753 | 1,187 | — | 13,370 | **39,477** |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 494 | 210 | — | 4,714 | — | 352 | — | — | **5,770** |
| United People | — | — | — | — | — | — | — | — | — |
| Páirtí na nOibrithe | — | — | — | — | — | — | — | — | — |
| **Iomlán** | **535,964** | **412,777** | **437,332** | **109,074** | **74,248** | **33,426** | **149,978** | **106,861** | **1,859,661** |

## Tábla 5: Miondealú ar an gcaiteachas a dhéanann na páirtithe polaitíochta ar son iarrthóirí

| Páirtí Polaitiúil | Fógraíocht | Poiblíocht | Póstaeir | Ábhair Eile | Oifig agus Páipéarachas | Iompar agus Taisteal | Taighde Margaidh | Oibrithe Feachtais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aontú | — | — | 65,750 | 13,827 | 19,210 | — | — | — | **98,786** |
| Fianna Fáil | 75,284 | 3,943 | 131,963 | 178,583 | 17,608 | 7,096 | — | — | **414,477** |
| Fine Gael | 25,770 | 26,432 | 48,692 | 81,265 | 8,583 | 738 | — | — | **191,481** |
| An Comhaontas Glas | 40,668 | 100 | 4,214 | 8,877 | — | — | — | — | **53,859** |
| Independents 4 Change | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| An Páirtí Daonlathach Éireannach | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Cumann na Saoirse | — | — | — | 1,727 | — | — | — | — | **1,727** |
| Páirtí an Lucht Oibre | 3,266 | — | 7,409 | 13,271 | — | — | — | — | **23,946** |
| An Páirtí Náisiúnta | — | — | 9,618 | 7,657 | — | — | — | — | **17,275** |
| Renua Éireann | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Sinn Féin | 123 | — | 5,523 | 30,889 | — | 2,102 | — | — | **38,637** |
| Na Daonlathaigh Sóisialta | — | — | 1,759 | 24,375 | — | — | — | — | **26,134** |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | — | — | — | 566 | — | — | — | — | **566** |
| United People | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| Páirtí na nOibrithe | — | — | — | — | — | — | — | — | **—** |
| **Iomlán** | 145,111 | 30,474 | 274,927 | 361,037 | 45,402 | 9,935 | — | — | **866,887** |

## Tábla 6: Miondealú ar an gcaiteachas de réir mar atá tuairiscithe ag na hiarrthóirí

| Páirtí Polaitiúil | Fógraíocht | Poiblíocht | Póstaeir | Ábhair Eile | Oifig agus Páipéarachas | Iompar agus Taisteal | Taighde Margaidh | Oibrithe Feachtais | Cistí Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aontú | 14,400 | 1,030 | 11,637 | 32,739 | 3,416 | 4,446 | - | 3,779 | - | **71,446** |
| Fianna Fáil | 292,800 | 28,666 | 416,206 | 295,709 | 73,546 | 24,009 | 6,458 | 6,548 | 13,025 | **1,156,967** |
| Fine Gael | 220,569 | 65,979 | 422,110 | 325,719 | 45,316 | 31,286 | 371 | 8,940 | 9,201 | **1,129,491** |
| An Comhaontas Glas | 66,211 | 14,176 | 61,126 | 83,977 | 1,929 | 3,353 | 477 | 4,426 | 3,234 | **238,909** |
| Independents 4 Change | 5,559 | — | 11,229 | 16,822 | 773 | 908 | — | 423 | — | **35,714** |
| An Páirtí Daonlathach Éireannach | — | — | 1,007 | 1,073 | — | — | — | — | — | **2,080** |
| Cumann na Saoirse | 3,426 | — | 8,212 | 17,225 | 6 | 1,355 | — | — | — | **30,223** |
| Páirtí an Lucht Oibre | 93,499 | 7,581 | 142,774 | 88,083 | 8,631 | 3,453 | — | — | 990 | **345,010** |
| Neamhpháirtí | 9,923 | 431 | 541 | 985 | — | 235 | — | — | — | **12,115** |
| An Páirtí Náisiúnta | 177,098 | 29,164 | 198,882 | 247,424 | 23,901 | 37,852 | 208 | 10,569 | 4,808 | **729,907** |
| Renua Éireann | 2,108 | — | 429 | 7,045 | — | 160 | — | — | — | **9,742** |
| Sinn Féin | 103,916 | 4,146 | 196,846 | 139,713 | 20,572 | 8,935 | — | 194 | — | **474,321** |
| Na Daonlathaigh Sóisialta | 31,387 | 1,172 | 61,866 | 72,003 | 3,680 | 3,428 | — | 1,343 | — | **174,879** |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal Roimh Bhrabús | 12,833 | 623 | 74,855 | 101,532 | 1,977 | 2,835 | — | 475 | 1,518 | **196,648** |
| United People | — | — | — | — | — | — | — | — | — | — |
| Páirtí na nOibrithe | 925 | — | 550 | 1,566 | — | — | — | — | — | **3,041** |
| **Iomlán** | **1,034,654** | **152,968** | **1,608,270** | **1,431,614** | **183,747** | **122,255** | **7,514** | **36,697** | **32,776** | **4,610,494** |

## Caibidil 5: Speansais toghcháin iarrthóirí a aisíoc

D'fhonn cáiliú le haisíocaíocht, ní mór:

- gur toghadh an t-iarrthóir sa toghchán, nó
- go bhfuair iarrthóir, i gcás nár toghadh é/í, aon cheathrú den chuóta ag aon chéim den chomhaireamh vótaí.

Is é €8,700 an t-uasmhéid is féidir a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe in Olltoghchán Dála. Bhí iarrthóirí a cháiligh d'aisíocaíocht incháilithe, dá bhrí sin, don mhéid sin nó don suim iarbhír speansas toghcháin a tabhaíodh thar a gceann a fháil, cibé acu is lú.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún faoi alt 21(d) den Acht a dheimhniú don Aire Airgeadais go bhfuil iarrthóir incháilithe d'aisíocaíocht a fháil i leith a speansas toghcháin. Tá sé de chleachtas ag an gCoimisiún gan foirm iarratais ar aisíocaíocht speansas toghcháin a eisiúint chuig iarrthóir cáilithe go dtí go dtabharfar gach ábhar a bhaineann lena t(h)uairisceán reachtúil chun críche.

San olltoghchán, bhí 319 iarrthóir san iomlán incháilithe le haisíocaíocht speansas toghcháin. Suas go dtí seo, tá níos mó ná €2.5 milliún íoctha ag an Státchiste le 315 duine de na 319 iarrthóir a cháiligh le haghaidh aisíocaíocht costas toghcháin. Tá ceisteanna fós le réiteach ar cheithre cinn de na tuairisceáin a sholáthraíonn iarrthóirí cáilitheacha. Ní féidir leis an gCoimisiún aon aisíocaíocht a ordú go dtí go bhfaigheann sé freagraí sásúla ar na fiosrúcháin atá déanta aige.

### Tábla 7: Aisíocaíochtaí arna bhformheas

| Líon na n-iarrthóirí cáilithe | Líon na n-aisíocaíochtaí a eisíodh | Luach iomlán na n-aisíocaíochtaí a eisíodh go dtí seo |
|---:|---:|---:|
| 319 | 315 | €2,548,827 |

## Caibidil 6: Gníomhaíocht a bhaineann le “duine eile” sa toghchán

Chuir an Coimisiún treoirlínte le chéile inar leagadh amach na ceanglais atá ar “dhaoine eile” sa toghchán. Foilsíodh na treoirlínte sin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Is éard is “duine eile” ann ná duine a bhfuil sé ar intinn aige costais a thabhú sa toghchán chun iarrthóir nó páirtí polaitíochta a chur chun cinn, nó chun cur ina choinne. Ní fhéachtar ar iarrthóirí, a ngníomhairí toghcháin ná gníomhairí náisiúnta páirtithe polaitiúla mar “dhaoine eile”.

Faoi mar a cheanglaítear orthu faoi alt 31(7) den Acht, chuir na grúpaí seo a leanas in iúl roimh ré don Choimisiún go raibh sé beartaithe acu speansais toghcháin a thabhú:

- Enoch Burke,
- Josiah Burke, agus
- An Feachtas ar Son na Beatha

Ceanglaíodh ar gach duine a thabhaigh speansais toghcháin de bhun alt 31(7) den Acht ráiteas speansas toghcháin a thabhairt don Choimisiún faoin 4 Aibreán 2020. Ba iad speansais dar luach iomlán €39,040 a nocht na “daoine eile” sin a thug ráiteas speansas toghcháin. Léirítear i dtábla 8 sonraí faoi na speansais a tabhaíodh.

### Tábla 8: Caiteachas caite ag daoine eile

| Ainm | Méid an chaiteachais<br>€ |
|---|---:|
| Enoch Burke | 633 |
| Josiah Burke | 1,062 |
| An Feachtas ar Son na Beatha | 37,345 |
| **Iomlán** | **39,040** |

## Caibidil 7: Foilsiú ráiteas síntiús agus ráiteas speansas toghcháin

De réir alt 24(7)(a) den Acht, rinneadh cóip leictreonach de gach ráiteas síntiús a fuair an Coimisiún ó iarrthóirí nár éirigh leo san olltoghchán a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas.

De réir alt 37(1) den Acht, rinneadh cóip de gach ráiteas speansas toghcháin a tugadh don Choimisiún i ndáil leis an toghchán agus ar deimhin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin gur comhlánaíodh i gceart iad a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas.

Tá na ráitis síntiús agus na ráitis faoi chaiteachais toghcháin araon ar fáil ar shuíomh gréasáin Thithe an Oireachtais ag www.oireachtas.ie agus ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

Ceanglaítear le halt 73 den Acht go gcuirfear na ráitis síntiús agus na ráitis faoi chaiteachais toghcháin araon a bhfaigheann an Coimisiún, in éineacht leis na sonraisc, na hadmhálacha agus dearbháin ábhartha, ar fáil lena n-iniúchadh ag a oifigí atá lonnaithe ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773. I bhfianaise phaindéim an COVID-19 atá fós ann faoi láthair, tá oifigí an Choimisiúin dúnta agus ní féidir bualadh isteach iontu. A luaithe is a cuirfear deireadh leis na srianta, cuirfear tús leis an iniúchadh duine-le-duine den athuair. Moltar glaoch a chur roimh ré chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil an oifig oscailte do dhaoine chun bualadh isteach. Nuair nach féidir foráil a dhéanamh d’iniúchadh poiblí pearsanta, duine-le-duine, is féidir cóipeanna a chur ar fáil, ach iad a iarraidh, agus iarratas a chur chuig an gCoimisiún í ríomhphost ag info@sipo.ie nó ar an teileafón ag (01) 639-5666.

## Caibidil 8: Leasuithe molta le bheith curtha leis an reachtaíocht

Agus forálacha an Achta Toghcháin á riar aige, shainaithin an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt leasuithe ar an Acht lena ndéanfaí an tAcht a fheabhsú, a shoiléiriú nó a neartú dá gcuirfí chun feidhm iad. Tá leasuithe atá molta ag an Coimisiún áirithe ina thuarascálacha bliantúla, agus is féidir iad a fheiceáil iontu. Mar sin féin, ba mhaith leis an gCoimisiún aird a tharraingt ar na rudaí seo a leanas, go háirithe, ar rudaí iad atá molta aige cheana féin:

1. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht toghcháin a luaithe a chuirfear Coimisiún Toghcháin ar bun, faoi mar atá beartaithe sa Bille um Athchóiriú Toghchán atá ar na bacáin. Ba cheart ról reachtúil a bheith ag an gCoimisiún Toghcháin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta agus tuairisc a thabhairt ar a chinntí.

2. Níor cheart fógra faoi athrú gníomhaire toghcháin a thabhairt do Cheann Comhairimh an dáilcheantair lena mbaineann. Chomh maith leis sin, is féidir leis moill a chur ar an gCoimisiún ráitis speansas toghcháin nach bhfuil comhlánaithe ag an ngníomhaire toghcháin a thabhairt chun críche. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurbh fhearr ceanglas a chur ar iarrthóirí fógra a thabhairt go díreach don Choimisiún faoi cheapadh gníomhaire toghcháin nó faoi athrú gníomhaire toghcháin.

3. Tá imní ar an gCoimisiún go mbaineann "tús-ualú" caiteachais toghcháin an bonn ó éifeachtacht na dteorainneacha caiteachais agus go bhféadfadh sé dearcadh a chothú nach bhfuil i gcuntasaíocht i gcaiteachas toghcháin ach gníomhaíocht mhaorlathach. Measann an Coimisiún go bhféadfaí féachaint go réasúnach ar chaiteachas a dhéantar chun earraí, maoin agus seirbhísí a cheannach chun críocha toghcháin sa 2 mhí nó sna 3 mhí roimh ghairm fhoirmiúil an toghcháin mar chaiteachas a bhfuil sé i gceist leis tacaíocht ag an toghchán a mhéadú d'iarrthóir nó do pháirtí polaitíochta. Dá bhrí sin, measann sé gur cheart an caiteachas sin a chur ar áireamh sna speansais a thuairisceofar.

## Fíorais Ghasta

- Ba é Fianna Fáil an páirtí a chaith an tsuim ba mhó sa toghchán, agus caiteachas €2,212,050 á thabhú aige (bhí sé sin 1.8% ní b'airde ná Fine Gael, an chéad chaiteoir ba mhó eile, a chaith €2,171,651)
- Leanann an caiteachas foriomlán ar olltoghcháin de bheith ag titim. Tá laghdú 13% tagtha air idir seo agus 2016, síos go dtí €7,336,723.
- Tháinig laghdú beag ar shíntiús arna ndearbhú ag iarrthóirí ón olltoghachán deireanach. Léiríonn sé seo treocht leanúnach anuas le deich mbliana anuas. Tá síntiúis dearbhaithe na bliana seo thart ar 61% níos ísle ná iomlán 2011 de €285,618.
- Tá breis agus €2.5m tar éis a bheith aisíoctha le hiarrthóirí cáilithe
- Ba é Tiobraid Árann an Dáilcheantar ina raibh an caiteachas iarrthóra/gníomhaire toghcháin ba mhó (€247,258)
- Ba é Baile Átha Cliath Thiar-Dheas an Dáilcheantar ina raibh an caiteachas ba mhó ar ghníomhairí náisiúnta (€41,698)
- Ba é Tiobraid Árann an Dáilcheantar ina raibh an caiteachas comhcheangailte ba mhó (€260,951)

## Aguisín

**Síntiúis bharrachais a fuair iarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán**

| ***Iarrthóir*** | ***Páirtí*** | ***Toghcheantar*** | ***Síntiúsóir*** | ***Sonraí*** |
|---|---|---|---|---|
| *Blake, Jennifer* | *Na Daonlathaigh Sóisialta* | *Cathair Luimnigh* | *Mark Sugrue* | *€1,024 faighte*<br><br>*Barrachas €24 tugtha ar ais* |
| *Bogue, Lorna* | *An Comhaontas Glas* | *Corcaigh Theas-Lár* | *An Comhaontas Glas* | *€1,000 faighte*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |
| *Byrne, Malcolm* | *Fianna Fáil* | *Loch Gorman* | *Fianna Fáil Loch Gorman* | *€1,000 faighte*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |
| *Cahillane, Mary* | *Dlúthphairtíocht-Pobal seachas Brabús* | *Cathair Luimnigh* | *An Páirtí Sóisialach* | *€855.22 faighte*<br><br>*Fós ag feitheamh ar dhearbhú a fháil go ndearnadh an méid barrachais a thabhairt ar ais** |
| *Coppinger, Ruth* | *Dlúthphairtíocht-Pobal seachas Brabús* | *Baile Átha Cliath Thiar* | *An Páirtí Sóisialach* | *€1,000 faighte*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |
| *Doyle, Suzanne* | *Fianna Fáil* | *Chill Dara Theas* | *Fianna Fáil Chill Dara CDC* | *€2,770 faighte*<br><br>*Barrachas €2,770 tugtha ar ais* |
| *Fay,Sandra* | *Dlúthphairtíocht-Pobal seachas Brabús* | *Baile Átha Cliath Thiar-Meán* | *An Páirtí Sóisialach* | *€350 faighte*<br><br>*Fós ag feitheamh ar dhearbhú a fháil* |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | *go ndearnadh an méid barrachais a thabhairt ar ais** |
| *Goldsboro, Imelda* | *Fianna Fáil* | *Tiobraid Arann* | *Fianna Fáil Tiobraid Árann* | *€1,000 faighte*<br><br>*Fós ag feitheamh ar dhearbhú a fháil go ndearnadh an méid barrachais a thabhairt ar ais** |
| *Hackett, Pippa* | *An Comhaontas Glas* | *Laois-Uíbh Fhailí* | *An Comhaontas Glas* | *€1,000 faighte*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |
| *Healy, David* | *An Comhaontas Glas* | *Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh* | *An Comhaontas Glas*<br><br>*An Comhaontas Glas* | *€1,000 faighte (faighte 2019)*<br><br>*€1,000 faighte (faighte 2020)*<br><br>*Fós ag feitheamh ar dhearbhú a fháil go ndearnadh an méid barrachais a thabhairt ar ais** |
| *Heavin, Louise* | *An Comhaontas Glas* | *Longfort - An Iarmhí* | *An Comhaontas Glas*<br><br>*An Comhaontas Glas* | *€1,000 faighte (faighte 2019)*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais*<br><br>*€1,000 faighte (faighte 2020)*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Kavanagh, Peter* | *An Comhaontas Glas* | *Baile Átha Cliath Thiar Meán* | *An Comhaontas Glas* | *€650 faighte*<br><br>*Barracha €450 tugtha ar ais* |
| *Kelleher, Terry* | *Dlúthphairtíocht-Pobal seachas Brabús* | *Baile Átha Cliath - Fine Gall* | *An Páirtí Sóisialach* | *€287.33 faighte*<br><br>*Barracha €87.33 tugtha ar ais* |
| *Martin, Vincent P.* | *An Comhaontas Glas* | *Chill Dara Thuaidh* | *An Comhaontas Glas* | *€1,000 faighte*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |
| *McCarthy, Lettie* | *Páirtí an Lucht Oibre* | *Baile Átha Cliath Ráth an Dúin* | *Páirtí an Lucht Oibre* | *€1,000 faighte*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |
| *McClean, Caitríona* | *Fianna Fáil* | *Baile Átha Cliath Thiar Meán* | *Fianna Fáil Baile Átha Cliath Thiar Meán* | *€750 faighte*<br><br>*Barracha €550 excess tugtha ar ais* |
| *McHugh, Saoirse* | *An Comhaontas Glas* | *Maigh Eo* | *An Comhaontas Glas* | *€1,000 faighte*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |
| *Mulligan, Eddie* | *Fianna Fáil* | *Póirt Láirge* | *Fianna Fáil CDC* | *€1,000 faighte*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Murphy, Tony* | *Neamhpháirtí* | *Baile Átha Cliath - Fine Gall* | *Ballymaguire Foods Limited*<br><br>*Sherry Fitzgerald Cumiskey*<br><br>*Tierney Kitchens* | *€1,000 faighte*<br><br>*Fós ag feitheamh ar dhearbhú a fháil go ndearnadh an méid barrachais a thabhairt ar ais**<br><br>*€1,000 faighte*<br><br>*Fós ag feitheamh ar dhearbhú a fháil go ndearnadh an méid barrachais a thabhairt ar ais**<br><br>*€1,000 faighte*<br><br>*Fós ag feitheamh ar dhearbhú a fháil go ndearnadh an méid barrachais a thabhairt ar ais** |
| *O'Brien, Michael* | *Dlúthphairtíocht-Pobal seachas Brabús* | *Cuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh* | *An Páirtí Sóisialach* | *€343.66 faighte*<br><br>*Barrachas €143.66 tugtha ar ais* |
| *O'Connor, Charlie* | *Fianna Fáil* | *Baile Átha Cliath Thiar Meán* | *Fianna Fáil Baile Átha Cliath Thiar Meán* | *€1,000 faighte*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |
| *Reilly, James* | *Fine Gael* | *Baile Átha Cliath - Fine Gall* | *Country Crest* | *€1,000 faighte*<br><br>*Barrachas €800 tugtha ar ais* |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Ryan, Michael* | *Aontú* | *Cathair Luimnigh* | *Limerick Pro-Life* | *€1,000 faighte*<br><br>*Fós ag feitheamh ar dhearbhú a fháil go ndearnadh an méid barrachais a thabhairt ar ais** |
| *Tuffy, Joanna* | *Páirtí an Lucht Oibre* | *Baile Átha Cliath Thiar Meán* | *Páirtí an Lucht Oibre* | *€1,000 faighte*<br><br>*Fós ag feitheamh ar dhearbhú a fháil go ndearnadh an méid barrachais a thabhairt ar ais** |

**Tagraítear don staid cúrsaí amhail an 15 Samhain 2021*